**TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA IAROIFIGIGH SHINSEARACHA TAR ÉIS DÓIBH AN tSEIRBHÍS A FHÁGÁIL**

***(Airteagal 16, an tríú mír agus an ceathrú mír de na Rialacháin Foirne)***

**Tuarascáil bhliantúil 2016**

## 1. Réamhrá: an creat rialála

De réir Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leanfar den cheangaltas a bheith ar oifigigh, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, iad féin a iompar le hionracas agus le discréid maidir le ceapacháin áirithe nó sochair áirithe a ghlacadh. Leanfar den cheangaltas ar iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme, cibé acu sochrach nó gan a bheith sochrach, le linn an dá bhliain tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, é seo a chur in iúl dá n-institiúid, chun go bhféadfaí sí cinneadh iomchuí a dhéanamh i ndáil leis an ábhar, agus i gcás inarb iomchuí, bac a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta nó deonú a thabhairt faoi réir srianta iomchuí.

De réir na tríú míre d'Airteagal 16 de na Rialacháin foirne, i gcás iaroifigeach sinsearach, déanfaidh an t-údarás ceapacháin, i bprionsabal, iad a chosc, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, do bheith ag gabháil do bhrústocaireacht nó do thathaint maidir le foireann a n-iarinstitiúide, le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ceanglaítear leis an ceathrú mír d'Airteagal 16 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go bhfoilseoidh gach institiúid sonraí maidir le cur chun feidhme na tríú míre, gach bliain, lena n-áirítear liosta de na cásanna a scrúdaíodh.

Tá feidhm analach ag na forálacha seo go háirithe maidir le gníomhairí sealadacha ó na grúpaí polaitiúla faoi Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach thíos na critéir a d'úsáid an Pharlaimint chun an dualgas seo a chomhlíonadh agus tugann léiriú ar a hanailís. In Iarscríbhinn leis an bhfoilseachán seo, déanann an Pharlaimint achoimre ar na cinntí a glacadh de réir na bhforálacha sin.

Lena foilseachán, cuireann an institiúid leis an oibleagáid atá uirthi de réir na ceathrú míre d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne i gcomhar le pointe a) agus le pointe b) d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

## 2. Modh agus critéir chun an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm

Déileálfar le ráitis ó iaroifigigh shinsearacha maidir le gníomhaíocht ghairme atá beartaithe, mar a dhéileáltar le gach ráiteas faoin ábhar a dhéanann gach duine den fhoireann. Gheobhaidh Ard-Stiúrthóirtheacht an Phearsanra an ráiteas agus rachaidh sí i gcomhairle leis an tseirbhís nó na seirbhísí lena raibh an t-iaroifigeach ag obair le linn na trí bliana seirbhíse deiridh, leis an gComhchoiste agus, más gá, leis an tseirbhís dlí. Is sa chomhthéacs sin a dhéantar na ráitis a scrúdú chun a fhíorú an mbaineann siad leis an raon feidhme (pearsanta, sealadach agus ábhartha) den tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

*Raon feidhme pearsanta (rationae personae)*

Baineann na forálacha i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne le daoine ón bhfoireann lena n-áirítear daoine i bhfostaíocht shealadach, i gceann de na cineálacha poist seo a leanas:

Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa
- Leas Ard-Rúnaí
- Ard-Stiúrthóir
- Stiúrthóir

Na grúpaí polaitiúla
- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Príomhchomhairleoir
- Stiúrthóir

*Raon feidhme sealadach (ratione temporis)*

Tagraíonn an tríú mír d'Airteagal 16 d'iaroifigigh shinsearacha ag gabháil do ghníomhaíocht sheachtrach '*le linn na 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil*'.

Ba chóir, dá bhrí sin, an tréimhse sin a chur i gcuntas chun críche foilsithe mar a leagtar síos sa ceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

*Raon feidhme ábhartha (ratione materiae)*

Is iad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, na gníomhaíochtaí sin arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta maidir le foireann na hinstitiúide ina raibh an t-iaroifigieach sinsearach fostaithe, le haghaidh a ghnó, a chliant nó a fhostóirí ar ábhair a raibh sé freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ní dhéanfaidh an Pharlaimint a hanailís a theorannú do na gníomhaíochtaí beartaithe a bhfuil brústocaireacht nó tathaint mar sprioc aonair nó mar sprioc príomha leo. Freisin, i gcás ráitis maidir le gníomhaíochtaí ar gníomhaíochtaí iad nach bhfuil brústocaireacht ná tathaint ag baint leo tráth an fhógra a thabhairt, ach, mar gheall ar a gcineál, go praiticiúil nó go teoiriciúil, a d’fhéadfadh bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta ná tathanta mar a dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leathnóidh an Pharlaimint an anailís chun na féidearthachtaí sin a chur i gcuntas agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht arna fhógairt mar chuid de mhír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

**3. Cásanna sonracha**

Is iomchuí a shoiléiriú go mbaineann an fógra seo leis na gníomhaíochtaí sin ar dhearbhaigh agus ar chur na hoifigigh lena mbaineann i gcrích iad.

Is iomchuí freisin a lua nach bhfuair seirbhísí na Parlaiminte aon iarratas maidir le gníomhaíocht sheachtrach ó aon iaroifigeach sinsearach in 2015.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo dá bhrí sin, na cásanna sin ar ghlac an t-údarás ceapacháin cinneadh ina leith i rith na bliana 2016 maidir le hiaroifigigh shinsearacha, mar chuid d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

In 2016, d’fhógair beirt iaroifigeach shinsearacha go raibh sé i gceist acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme.

D’éirigh siad beirt as a gcuid oibre don Pharlaimint i rith na bliana 2016, mar sin cuireadh isteach a n-iarratas ar ghníomhaíocht sheachtrach sa 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil.

Ach, níor bhain ceachtar den dá ráiteas seo leis an raon feidhme den tríú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, mar gur gníomhaíochtaí eolaíochta agus/nó acadúla a bhí i gceist, gníomhaíochtaí taighde agus comhdhála go sonrach.

Níl brústocaireacht ná tathaint mar sprioc aonair nó príomha leis na gníomhaíochtaí sin. Chomh maith leis sin, ní fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin, mar gheall ar a gcineál, go praiticiúil nó go teoiriciúil, bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta ná tathanta mar a dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, go háirithe i ndáil le féidearthachtaí poist sa todhchaí.

Léirítear leis an méid atá roimhe seo nach ndearna aon iaroifigeach sinsearach ráiteas in 2016 i ndáil le gníomhaíochtaí seachtracha, a d’fhéadfadh, mar gheall ar a gcineál, a bheith ina ngíomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta mar a dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

Foilsítear an fhaisnéis seo i gcomhréir leis an gceathrú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.